CINNEADH (CBES) 2022/1045 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 28 Meitheamh 2022

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle an 25 Samhain 2005 maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh d'fhonn rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 13 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2020/1548 ([2]), lena gceaptar Mihai-Florin BULGARIU mar Cheann Misin EU BAM Rafah ón 1 Samhain 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 28 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1065 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EU BAM Rafah go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(4) An 1 Iúil 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/1127 ([4]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Mihai-Florin BULGARIU mar Cheann Misin EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(5) An 27 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1017 ([5]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EU BAM Rafah go dtí 30 Meitheamh 2023.

(6) Mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála síneadh a chur le sainordú Mihai-Florin BULGARIU mar Cheann Misin EU BAM go dtí an 30 Meitheamh 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Mihai-Florin BULGARIU mar Cheann Misin EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

([1]) IO L 327, 14.12.2005, lch. 28.

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1548 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le ceapadh Ceann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/2/2020) (IO L 354, 26.10.2020, lch. 5).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/1065 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 229, 29.6.2021, lch. 11).

([4]) Cinneadh (CBES) 2021/1127 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 1 Iúil 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/1/2021) (IO L 244, 9.7.2021, lch. 1).

([5]) Cinneadh (CBES) 2022/1017 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 170, 28.6.2022, lch. 74).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach